



BEIDH AONACH AMÁRACH

Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.

Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.

Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.

Cé mhaith dom é, ní bheidh mé ann.

Curfá:

'S a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?

'S a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?

'S a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?

'S a mhuirín ó ná héiligh é.

Níl tú a deich nó a haon déag fós.

Níl tú a deich nó a haon déag fós.

Níl tú a deich nó a haon déag fós.

Nuair a bheidh tú trí déag beidh

tú mór.

Curfá

Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.

Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.

Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.

Mur' bhfaigh mé é ní bheidh mé beo.

Curfá

B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg.

B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg.

B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg.

ná oifigeach airm faoi lásaí óir.

Curfá

Tá 'nión bheag agam is tá sí óg

Tá 'nión bheag agam is tá sí óg

Tá 'nión bheag agam is tá sí óg

Is tá sí i ngrá leis an ghréasaí bróg

Curfá

'S iomaí bean a phós go h-óg

'S iomaí bean a phós go h-óg

'S iomaí bean a phós go h-óg

Is a mhair go socair lena gréasaí bróg

Curfá

Le tacaíocht ó

